



BAINISTEOIR GINEARÁLTA PIRÍTE CONRADH DHÁ BHLIAIN

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna) chun tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil.

Is í fíis na Gníomhaireachta pobail inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cuirimid an soláthar tithíochta chun cinn chun freastal ar riachtanais agus ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí bheith mar lárionad saineolais maidir le tithíocht, trí thacú le beartas tithíochta a fhorbairt agus clár tithíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe eile.

Cuirimid réimse leathan seirbhísí ar fáil lena n-áirítear:

- Réadmhaoine do Thithíocht Shóisialta a Fhoinsiú agus a Fháil
- Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa
- Comhairle Beartais
- Leasúchán Piríte
- Seirbhísí Soláthair Tithíochta
- Forbairt agus Bainistíocht Talún
- Tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla
- An Scéim Morgáiste go Cíos
- Taighde agus Anailís
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Frithghealladh Iasachtaí
- Oiliúint agus Eolas i ndáil le Cleachtóirí Tithíochta
- An Straitéis Náisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá tuilleadh faisnéise faoin nGníomhaireacht Tithíochta ar fáil ar www.housingagency.ie.

Tá folúntas anois ann do Bhainisteoir Ginearálta ar an Scéim um Leasúchán Piríte. Tá iarratais á lorg ó dhaoine gairmiúla san earnáil tógála, daoine ar nós: ailtirí, suirbhéirí foirgníochta agus/nó innealtóirí.

Beidh an té a cheapfar ag tuairisciú go príomha chuig Cathaoirleach an Bhoird um Réiteach Piríte. D'fhéadfadh Cathaoirleach an Bhoird um Réiteach Piríte nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Tithíochta dualgais a shannadh.

Príomhdualgais

- Feidhmiú éifeachtach agus éifeachtúil na scéime um leasúchán piríte a mhaoirsiú
- Cúnamh a thabhairt agus comhairle a chur ar an mBord um Réiteach Piríte maidir leis an scéim um leasúchán piríte a chur i bhfeidhm.

- Beartais agus cinntí an Bhoird a chur i bhfeidhm.
- Eolas a chur ar fáil don Bhord, lena n-áirítear eolas airgeadais, maidir le cur i bhfeidhm na scéime.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar ábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm an phróisis feabhsúcháin pírite.
- A chinntiú go gcuirtear caighdeán rialachais chorparáidigh na hearnála poiblí i bhfeidhm agus go gcothabháiltear iad agus go dtugtar an tuairisciú atá riachtanach faoin dlí chun críche
- Moltaí a dhéanamh chuig an mBord ar aon ábhar a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird.
- An fhoireann atá sannta ar an mBord um Réiteach Pírite a bhainistiú
- Dul i mbun aon dualgas eile de réir mar a bheidh ag teastáil

Cáilíochtaí agus Taithí

- Céim Leibhéal 8 i ndisciplín foirgníochta cuí mar Ailtireacht, Suirbhéireacht Foirgníochta nó Innealtóireacht
- Taithí chuí i mBainistiú Airgeadais agus i mBainistiú Tionscadal
- Beidh buntáiste ag an té a mbeadh taithí acu ar Rialachas Corparáideach
- Eolas agus/nó taithí ar shuirbhéireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh agus mheasúnacht a dhéanamh ar bhail foirgnimh.

Inniúlachtaí

- **Torthaí a Sheachadadh** - An obair a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta de réir tábhachta, scálaí ama agus srianta acmhainní eile agus an t-ord tosaíochta sin a chur in oiriúint d'imthosca a bhíonn ag athrú. Cumas chun an tseirbhís agus an fheidhmíocht a fheabhsú go leanúnach
- **Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta** - Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth agus a bheith in ann idirghníomhú ag gach leibhéal, go himmheánach agus go seachtrach
- **Caidrimh a Chothú agus a Choinneáil** - Caidrimh thábhachtacha straitéiseacha a aithint agus a fhorbairt go forghníomhach
- **Anailís agus Cinntí a Dhéanamh** – Glacann deacrachtaí agus impleachtaí bainteacha níos leithne san áireamh nuair atá cinntí á ndéanamh
- **Eolas Speisialtóra** – Eolas ar thógáil foirgneamh, ar thógáil tithe cónaithe go háirithe, ar na rialacháin foirgníochta, bainistiú tograí, ar phróisis agus nósanna imeachta eagrúcháin agus ar rialachas corparáideach

Scála Tuarastail – Innealtóir Sinsearach (Scála na nÚdarás Áitiúil)

€77,522 - €79,358 - €81,188 - €83,021 - €84,853 - €86,694

LSI 1 - €89,460

LSI 2 – 92,231

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála de réir bheartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar fónamh tú díreach roimh an gceapachán.

12 Meán Lae, Dé Máirt an 24 Samhain an Dáta Deiridh a nglacfar le hiarratais

Nós Imeachta Iarratais

- Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ba cheart na hiarratais a bheith clóscríofa agus a chur ar aghaidh i bhfoirm PDF ar ríomhphost chuig recruitment@housingagency.ie.
- Ní mór d'iarratasóirí a leanas a chur ar fáil:
 - a. Litir chumhdaigh ina bhfuil cur síos ar a n-oiriúnacht don phost
 - b. foirm iarratais Gníomhaireachta Tithíochta chomhlánaithe
- Cuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear
- Ní dhéanfar iarratais neamhiomlána a mheas don ghearrliosta
- Ní ghlacfar le hiarratais in imthosca ar bith tar éis an spriocdháta
- Dícháileofar iarratas go huathoibríoch má dhéanann an t-iarratasóir canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil thar ceann an iarratasóra

Féadfaidh an Ghníomhaireacht, dá lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe seo sa chás nach nglacann an duine a moladh don cheapachán an post nó, sa chás go nglacann an duine leis an bpost, go scarann sé/sí leis nó sa chás go dtagann folúntas eile chun cinn.